
# Ar Thóir an Toirc Bháin

Séideán Sí



Éamonn Ó Ruanaí

Kieron Black a mhaisigh

# Ar Thóir an Toirc Bháin



Éamonn Ó Ruanaí

Kieron Black a mhaisigh

An Gúm

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2009

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2009

Obair ealaíne © an t-ealaíontóir

ISBN 978-1-85791-729-1

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Éamonn Ó Ruanaí a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Kieron Black

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*ansiopaleabhar@eircom.net*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 1 | An Choill | 5 |
| Caibidil 2 | An Baile Beag | 13 |
| Caibidil 3 | Teach an Draoi | 22 |
| Caibidil 4 | An Rí | 30 |
| Caibidil 5 | Tóir | 37 |
| Caibidil 6 | Dobrón | 47 |
| Caibidil 7 | Cruatan | 56 |
| Caibidil 8 | Dumha na Sinsear | 61 |
| Caibidil 9 | ‘Go dté tú slán’ | 66 |
| Caibidil 10 | As go brách | 72 |
| Caibidil 11 | An Cluiche Caillte? | 79 |
| Caibidil 12 | Gaisce | 85 |

# 1 An Choill

As dorchadas na coille a tháinig sé, ag gluaiseacht go mall – mar a bheadh an ghealach ag gluaiseacht trí spéir dhubh na hoíche – gan torann gan deifir gan eagla. Bhí sé chomh bán le caora, chomh ciúin le cat agus chomh hard le stócach dhá bhliain déag. Ní raibh a fhios ag Cormac cé acu neach saolta nó neamhshaolta a bhí ag siúl i gceo na maidine. Ansin chonaic sé na starrfhiacla géara agus chuala sé an ghnúsacht gharbh. Torc!

Ag lorg cnónna a bhí Cormac Dhiarmada an mhaidin áirithe sin. Bhí sé ag dúil go mór le cnónna an fhómhair a bhlaiseadh. Bhí sé bréan



de sméara dubha agus theastaigh athrú bia go géar uaidh. Agus nuair a shroich sé an choill le breacadh an lae thuig sé go raibh an lá tagtha ar deireadh thiar a mbeadh na cnónna réidh le hithe.

Ní bheadh mórán faitís ar Chormac roimh thorc de ghnáth. Ach ní gnáth-thorc a bhí anseo. Torc bán a bhí ann! Shocraigh sé fanacht i bhfolach taobh thiar de chrann mór darach, gan cor as, a fhad is a bheadh an torc bán ag dul thar bráid.

Bhí go leor scéalta cloiste ag Cormac óna athair, Diarmaid Dubh, faoi thorc bán a chónaigh sa cheantar, scéalta a chuaigh i bhfad siar i seanchas na háite. Torc Bán na Coille a tugadh ar an torc bán sin agus bhí sé ráite sa seanchas gur ainmhí cumhachtach contúirteach a bhí ann.

Ní raibh Torc Bán na Coille feicthe riamh ag aon duine de mhuintir an bhaile. Ní raibh sé feicthe ag Diarmaid Dubh ná ag an Rí féin fiú. Ach an bhféadfadh sé gurbh é seo anois é os comhair Chormaic amach, é ag bolú agus ag cartadh na cré?

Bhí an torc fós ag gluaiseacht go mall réidh. Stad sé. Chuir sé a smut san aer. Chas sé a cheann i dtreo an chrainn dharach. Bhí a chroí ina bhéal ag Cormac agus a anáil ag éirí níos géire. D'fhéach sé timpeall go gasta féachaint an raibh bealach éalaithe ann. Ní bheadh ach an t-aon seans amháin aige. Thuig sé go rímhaith nárbh fhiú dó rith. Bheadh an torc i bhfad Éireann níos tapúla ná é i measc na gcrann agus na sceach. Bhreathnaigh Cormac ar ghéaga fada ísle an chrainn. Ní raibh cuma

rótheágartha orthu. Bhí sé idir dhá chomhairle.

Ach ansin chuala sé trup na gcrúb ag teacht ina threo. Bhí an torc ag déanamh air de ruathar, gal ag teacht as a smut. Rug Cormac ar an ngéag ba ghiorra dó agus d'fhéach le é féin a tharraingt in airde. Snap! I bhfaiteadh na súl bhí sé sínte ar shlat a dhroma ar an talamh, an ghéag lofa ina lámh agus trup na gcrúb taobh thiar de chomh torannach lena chroí.

Léim sé ina sheasamh go beo agus rug sé ar ghéag eile. Lúb an ghéag. Cheap Cormac go raibh a phort seinnte. Ach d'athscinn an ghéag in airde arís agus d'éirigh leis an chéad ghéag eile a bhaint amach. Lean sé air ag dreapadh in airde chomh tapa in Éirinn agus ab fhéidir leis. Sciorr an torc ar na duilleoga faoin



gcrann darach agus sheas sé ansin ag gnúsachtach go fíochmhar, ag scríobadh na talún, gal ag éirí óna cholainn mar a bheadh ceo as loch gleanna maidin shamhraidh. Choinnigh Cormac greim an fhir bháite ar an gcrann. Bhí leis!

Ach má bhí leis, bhí Cormac i gcruachás ceart anois. Bhí sé gafa sa chrann agus an chosúlacht ar an scéal go raibh an torc ag dul fanacht mar a raibh sé. D'amharc Cormac síos ar an torc. Bhí an torc ag stánadh aníos air. Faoi dheireadh shiúil an torc go mall réidh ón gcrann gur luigh sé síos san fhéar fada faoi sholas na gréine. Rinne sé gnúsacht bheag agus shocraigh sé é féin. D'fhan sé ina luí ansin, gan gíog ná míog as. Ar deireadh thiar thall ba léir do Chormac go raibh an torc ina chodladh. Bhí an báire leis!

Dhreap Cormac síos go talamh chomh réidh ciúin agus ab fhéidir leis agus súil ghéar á choinneáil aige ar an torc i rith an ama. Thosaigh sé ag cúlú go mall cúramach go dtí go raibh an torc imithe as a radharc. Ansin chas sé timpeall agus rith sé ar cosa in airde síos an cosán agus amach as an gcoill. Ní dhearna sé stad ná staonadh go dtí gur shroich sé baile beag a mhuintire.

# 2 An Baile Beag

Bhí an baile beag suite cois na habhann. Seacht dteach chiorclacha a bhí ann agus tine mhór i lár báire. Bhí díon de chraicne ainmhithe ar chuid acu agus díon de ghiolcacha ón abhainn ar chuid eile. Fuair Cormac boladh an bhia agus é fós píosa ón mbaile. Bhí sé stiúgtha leis an ocras faoin am seo. Tháinig uisce lena fhiacla nuair a smaoinigh sé ar an ngiorria breá a bhí maraithe ag a athair an oíche roimhré.

Bhí Diarmaid Dubh ar a ghlúine os comhair na tine agus an giorria á róstadh ar shlat aige. Nuair a chuala sé na coiscéimeanna taobh thiar de



chas sé timpeall. A luaithe a chonaic Cormac aghaidh a athar thuig sé go raibh imní air.

'Cá raibh tú, a Chormaic?' a d'fhiafraigh Diarmaid Dubh dá mhac.

Ó fuair a bhean chéile bás cúig gheimhreadh roimhe sin ní raibh fágtha ag Diarmaid Dubh ach Cormac. Bhí deartháir agus deirfiúr ag Cormac tráth ach fuair siad bás agus iad fós ina naíonáin. Bhí ocht samhradh agus fiche curtha de ag Diarmaid Dubh agus ba mhaith a thuig Cormac go raibh an aois ag teacht air. Go deimhin, ní raibh ach aon duine amháin ar an mbaile a bhí níos sine ná é. Ba é sin an Draoi. Bhí sé sa seanchas go raibh daichead samhradh feicthe aigesean, ach ba dheacair do Chormac é sin a chreidiúint. Conas a mhairfeadh aon duine chomh fada sin!

Labhair Diarmaid Dubh arís.

'Tá súil agam nach istigh sa choill a bhí tú.'

Ní raibh focal as Cormac. Bhí sé idir dhá chomhairle. Arbh fhearr dó bréag éigin a insint?

'Nach minic a dúirt mé leat cheana gur áit chontúirteach í.'

'Ach éist, a athair!' arsa Cormac. 'Chonaic mé é! … An gcreidfeá go bhfaca mé é! … Ní raibh aon eagla orm ar dtús … ach ansin bhí sé ag dul a thabhairt fúm. … Ach d'éirigh liom éalú uaidh. … D'fhan mé thuas i gcrann darach nó gur thit sé ina chodladh.'

'Anois, tóg go bog é, a Chormaic,' arsa Diarmaid. 'Cad a chonaic tú? Cé a bhí ag dul a thabhairt fút? Tá tú ag cur mearbhaill orm. Tóg go bog anois é agus inis an scéal ón tús.'

Chuir Cormac guaim air féin.

Thosaigh sé arís:

'Chonaic mé an Torc Bán sa choill! An Torc Bán! Bhí mé cinnte dearfa go raibh sé le mé a ionsaí ach fuair mise an ceann is fearr air!'

'Fuair tú an ceann is fearr ar an Torc Bán? Ag magadh atá tú!'

'Níl mé ag magadh. Chuir mé dallamullóg air. Dhreap mé crann agus d'fhan mé ann go dtí go ndeachaigh sé a chodladh.'

Ba léir do Chormac go raibh an-amhras ar a athair faoina scéal. Thuig sé dó. A leithéid de rud, buachaill a bheith in ann teacht slán ó thorc allta. Gan trácht ar Thorc Bán na Coille! Ar ndóigh, bhí amhras ar a athair go raibh a leithéid de rud agus an Torc Bán ann ar chor ar bith. Ón seanchas amháin a bhí eolas aige ar an Torc Bán agus ní raibh sé feicthe ag



aon duine de mhuintir an bhaile. Ach choinnigh Cormac air ag insint dá athair faoi eachtraí na maidine. Agus diaidh ar ndiaidh chonacthas dó go raibh an méid a bhí á rá aige ag dul i bhfeidhm ar a athair.

Nuair a stop Cormac thosaigh na ceisteanna.

Cé chomh mór is a bhí sé?

An raibh Cormac cinnte gur dath bán a bhí air seachas donn nó liath?

Cárbh as a dtáinig sé?

An bhfaca Cormac cá ndeachaigh sé?

Ba iad na ceisteanna deireanacha seo na ceisteanna ba thábhachtaí gan dabht, ach, faraor, ní raibh freagra ar bith ag Cormac orthu.

'Beidh orainn labhairt leis an Draoi faoi seo,' arsa Diarmaid Dubh leis tar éis tamaill. 'Ainmhí cumhachtach is ea an Torc Bán sin atá feicthe agat.

Mar sin de caithfear an Draoi a chur ar an eolas.'

'Ach cén fáth a gcaithfimid labhairt leis an Draoi?' arsa Cormac.

Bhí eagla ag teacht air anois. An mbeadh fearg ar an Draoi go raibh an Torc Bán feicthe ag Cormac? B'fhearr le Cormac gan baint ná páirt a bheith aige leis an Draoi. An raibh mí-ádh éigin ag baint leis an torc? An mbeadh Cormac faoi gheasa? An ndíbreofaí é féin agus a athair as an mbaile? Bhí aiféala ar Chormac go raibh a scéal inste aige. D'fhéadfadh sé é a choinneáil ina rún. Nár mhairg gur oscail sé a bhéal.

Thuig a athair go raibh Cormac trína chéile agus chuir sé a lámh ar a ghualainn. Labhair sé go cineálta le Cormac.

'Ná bíodh imní ort, a Chormaic.

Ní bheidh aon duine feargach leat. Is lá ámharach é seo dúinn go léir. Is iontach an rud é dúinn go bhfacthas an Torc Bán.'

Ach ní raibh Cormac ar a shuaimhneas go fóill. Níor thuig sé cén fáth a raibh orthu an rún seo a roinnt ar chor ar bith, go háirithe leis an Draoi. B'fhearr i bhfad le Cormac dul ar ais chuig an gcoill lena athair chun go bhféadfaidís dul ar thóir an Toirc Bháin le chéile. Ach ní raibh aon dul as. Bhí Diarmaid Dubh ag druidim le teach an Draoi cheana féin agus é ag fógairt ar Chormac brostú.

# 3 Teach an Draoi

B'iomaí scéal a bhí cloiste ag Cormac faoi na nithe diamhracha a bhí i dteach an Draoi agus thabharfadh sé a dhá shúil ar iad a fheiceáil. Ba mhinic é ag iarraidh radharc a fháil ar an taobh istigh agus é ag siúl thar bráid, ach ní ligfeadh an faitíos dó dul róghar don teach riamh. Ach b'shin ansin é ina sheasamh lena athair istigh san áit rúnda a shíl sé nach bhfeicfeadh sé choíche.

Thug Cormac faoi deara bláthanna, luibheanna, lusanna agus duilleoga de gach sórt ar crochadh ar an mballa, roinnt mhaith acu feoite cheana féin. Bhí sé in ann ainm a chur ar chuid

acu – eidhneán, cuileann, caorthann, sceach gheal agus lus na mban sí. Ach bhí roinnt eile nach raibh feicthe riamh aige in ainneoin a shaol a bheith caite aige ag siúl na gcnoc agus ag fiach na gcoillte. Bhí tine i lár an urláir agus corcán mór ag beiriú uirthi. Bhí boladh bréan ag teacht ón gcorcán. Shíl Cormac go raibh an boladh cosúil leis an mbréantas ó ainmhí marbh i ndiaidh dó a bheith faoin ngrian ar feadh seachtaine.

Tríd an mbreacsholas, in aice an bhalla, thug Cormac faoi deara go raibh cruthanna beaga bána ag glioscarnach i solas na tine. An bhféadfadh sé? An raibh mearbhall air? An bhféadfadh sé gur cloigne a bhí iontu? Thóg sé tamall air a thuiscint nach raibh iontu ach cloigne ainmhithe – giorria, sionnach, seabhac

agus fiach dubh. Ar chuaille taca an dín bhí a thuilleadh cloigne – fia, bó, capall agus torc. Ghoill sé go mór ar Chormac na hainmhithe marbha sin a bheith ag cur na súile tríd. Cé go ndearna sé tréaniarracht gan féachaint orthu, ar dhóigh éigin mheall siad a dhá shúil ar ais ina dtreo.

Ní raibh tásc ná tuairisc ar an Draoi. Déanta na fírinne b'fhearr i bhfad le Cormac gan é a fheiceáil ar chor ar bith. Bhí eagla an domhain air roimhe. Fear ard a bhí sa Draoi agus é níos óige ach bhí cruit air anois, rud a d'fhág go raibh sé cromtha go talamh beagnach. Bhí gruaig fhada shalach bhán air a scuabadh an talamh agus é ag siúl go bacach tríd an mbaile. Bhíodh muince aisteach timpeall a mhuiníl i gcónaí, muince a raibh clocha beaga daite, sliogáin agus dhá



starrfhiacail uirthi. Le gach coiscéim a ghlacadh an Draoi bhíodh cliotar cleatar as an muince.

Ba é an cliotar cleatar céanna a thug le fios do Chormac agus dá athair anois go raibh an Draoi tagtha ina láthair. Bhí sé ina sheasamh in aice na tine. D'amharc sé díreach idir an dá shúil ar Chormac. Baineadh geit as an mbuachaill. Ní raibh sé tugtha faoi deara aige roimhe sin go raibh an Draoi ar leathshúil ná go raibh seanghearradh gránna ag síneadh ón tsúil dhall siar chomh fada lena chluas.

'Cá bhfaca tú an torc?'

Bhí guth ciúin údarásach ag an Draoi.

'Sa … istigh sa choill,' arsa Cormac go stadach.

'Labhair amach!' arsa an Draoi.

D'inis Cormac an scéal ó thús deireadh agus crith ina ghlór. Níor bhain an Draoi a leathshúil de Chormac a fhad is a bhí sé ag caint. Nuair a bhí a scéal inste ag Cormac labhair an Draoi le Diarmaid Dubh.

'Cuir fios ar an Rí,' ar seisean, agus a shúil ar Chormac i rith an ama.

Nuair a bhí a athair imithe bhí Cormac fágtha ar an trá fholamh i bhfochair an Draoi. Shiúil an Draoi anonn chuige agus labhair sé:

'Tá mé ag coinneáil súile ort le fada, a Chormaic Fhinn Dhiarmada Dhuibh. Tá tú cróga, gan dabht ar bith. Ach beidh níos mó ná crógacht ag teastáil uait anois. Beidh ort a bheith stuama fadradharcach muiníneach freisin. Ach ní leor sin. Beidh cabhair bhreise uait …'

Níor fhan focal ag Cormac. Nuair a

bhí a chuid ráite ag an Draoi tharraing sé an mhuince dá mhuineál. Bhain sé an dá starrfhiacail di go cúramach agus chuir sé ar théidín iad. Bhronn sé an mhuince nua go sollúnta ar Chormac.

'Ní bheidh sé furasta breith ar an Torc Bán, a Chormaic Dhiarmada Dhuibh. Déanfaidh sé rud ar bith chun éalú uait. Rud ar bith! Ach cuir do mhuinín sna starrfhiacla seo agus tiocfaidh tú slán. Ní fada go mbeidh starrfhiacla de do chuid féin faighte agat.'

Chuir na focail sin mearbhall ar Chormac.

'Starrfhiacla de mo chuid féin?' ar seisean.

'Is ea,' arsa an Draoi. 'Tá lánmhuinín agam asat. Ach cuirfidh sé an-dua agus anró ort na starrfhiacla céanna a fháil.'



D'amharc Cormac le hiontas ar an dá starrfhiacail a bhí anois ar a bhos aige. Ansin chuir sé an mhuince go deabhóideach timpeall a mhuiníl. Nuair a mhothaigh sé na starrfhiacla fuara ar a chraiceann líon a chroí le mórtas. Leis sin chuala sé coiscéimeanna taobh amuigh.

# 4 An Rí

Fear láidir bladhmannach ba ea an Rí. Bhí guth borb aige agus b'shin an guth a fuair éisteacht! Bhíodh sé teasaí mífhoighneach uaireanta. Chaithfeadh sé sleá faoi dheifir nuair ba chirte dó a mhachnamh a dhéanamh i dtús báire. Mar sin féin, bhí meas agus urraim ag muintir an bhaile air mar rí. Sealgaire den chéad scoth a bhí ann agus ba mhinic a líonadh sé féin agus Diarmaid Dubh coire mór an bhaile le feoil, feoil a bheathaíodh muintir an bhaile i rith an gheimhridh nuair nach mbíodh cnó ná sméar fanta ar na sceacha. Ba mhinic a chuala Cormac faoin dóigh ar



mharaigh an Rí fia rua le haon bhuille fíochmhar amháin, fia a raibh adharca ar nós craobhacha crainn air agus a bhí trí huaire chomh mór leis an Rí. Dar le hathair Chormaic nach raibh scáth ná eagla ar an Rí roimh dhuine ná roimh ainmhí beo ná marbh. Ní déarfadh Diarmaid Dubh drochfhocal ina thaobh riamh. Níor theastaigh uaidh go mbeadh aon drochmheas ag a mhac ar an Rí.

Isteach leis an Rí go fústrach agus sheas sé i lár an urláir. Thug Cormac faoi deara an bealach a bhreathnaigh an Draoi agus an Rí ar a chéile. Ar chúis éigin bhraith Cormac míshuaimhneas nár thuig sé. An raibh rud éigin ar eolas acu nach raibh ar eolas aigesean?

Labhair an Rí:

'Is cúis imní dúinn go bhfuil Torc Bán na Coille tagtha inár measc.

Mar is eol dúinn go léir tá cumhacht thar cuimse ag baint leis an torc seo – cumhacht agus contúirt. Fágfaidh sé a lorg orainn ar fad idir bheo agus mhairbh. Ach,' a deir an Rí leis an Draoi agus mórtas ina ghlór, 'níl ainmhí ar dhroim an domhain nach féidir liomsa an ceann is fearr a fháil air. Geallaimse daoibh go mbeidh starrfhiacla an Toirc Bháin i mo lámh agam sula gcodlóidh mé arís.'

Ní dúirt an Draoi rud ar bith, rud a chuir iontas ar Chormac. Cén fáth nár thacaigh an Draoi lena raibh ráite ag an Rí?

Faoi dheireadh labhair an Draoi:

'Taispeánfaidh an buachaill daoibh cá bhfaca sé an Torc Bán ar maidin.'

'An buachaill!' arsa an Rí go feargach. 'Buachaill óg mar seo a thabhairt ag fiach ainmhí fíochmhar

ar nós Torc Bán na Coille. Ní bheadh ciall ar bith leis sin. Bheadh sé i bhfad róchontúirteach.'

'Mar a dúirt mé cheana, taispeánfaidh an buachaill daoibh cá bhfaca sé an Torc Bán,' a deir an Draoi go mífhoighneach. 'Tá muintearas idir é féin agus an torc anois. Is cinnte go bhfuil cúis éigin ann gur do Chormac Dhiarmada Dhuibh a nocht an Torc Bán é féin. Caithfidh sé dul in éineacht libh agus sin sin!'

Agus leis sin chaith sé roinnt plandaí agus luibheanna isteach sa chorcán. D'éirigh gal as agus ba ghearr go raibh an boladh níos measa ná riamh. Thuig an Rí nach raibh an dara suí sa bhuaile aige. Bhí a chuid ráite ag an Draoi agus chaithfeadh sé Cormac a thabhairt leis ar thóir an Toirc Bháin.

Nuair a bhí siad taobh amuigh

d'imigh Diarmaid Dubh le haghaidh fearas sealgaireachta a fháil dó féin agus dá mhac. Ansin labhair an Rí le Cormac.

'Téigh go dtí mo theachsa, a mhaistín,' ar seisean go cantalach. 'Faigh mo thorcshleá agus mo chlóca agus líon mála bia don triúr againn. Brostaigh ort, a deirim. Ní fada anois go mbeidh an ghrian ag dul faoi. Tá a fhios agat nach bhfeicfimid lorg an toirc sa dorchadas. Brostaigh ort nó fágfaidh mé sa bhaile thú.'

D'ísligh sé a ghlór.

'Drochrath air mar Dhraoi. Ní eisean a bheidh ag faire amach duit agus an torc ag iarraidh a starrfhiacla a shá isteach i do phutóga.'

Chuir an Rí strainc air féin. Níor fhan Cormac le haghaidh níos mó den íde béil a chloisteáil. As go brách

leis agus i bhfaiteadh na súl bhí sé ar ais leis na rudaí a theastaigh ón Rí. Faoin am seo bhí Diarmaid Dubh tar éis filleadh. Bhí torcshleá agus clóca aige dó féin agus do Chormac.

D'fhéach an Rí ar an spéir.

'Tá cuma na báistí air,' a deir sé.

Ansin labhair sé le Cormac:

'Ar aghaidh leat go beo, a bhuachaill. Níl mórán ama againn. Taispeáin dúinn cá bhfaca tú an torc.'

# 5 Tóir

D'fhill siad ar an áit a bhfaca Cormac an Torc Bán ar maidin. Ní raibh sé furasta lorg an toirc a aimsiú i mbreacsholas na coille. Ach faoi dheireadh bhí sé acu – lorg na gcrúb, cnónna leath-ite agus cac toirc. Bhí an cac fós úr, rud a thug le fios dóibh nach raibh an torc i bhfad uathu.

'Scaipigí amach agus coinnígí súil ghéar romhaibh,' arsa an Rí go grod.

Ar aghaidh le Cormac go cúramach, a thorcshleá ina lámh aige. Bhí sé ar a airdeall, ag faire go grinn agus cluas le héisteacht air. Go tobann bhraith sé rud éigin taobh thiar de. Nuair a d'iompaigh sé timpeall chonaic sé

cruth bán ag scinneadh trí na sceacha.

‘Tá sé aimsithe agam. Tá sé aimsithe agam!’ arsa Cormac.

As go brách leis ar thóir an toirc, beag beann ar na driseoga agus na toir a bhí sa bhealach air agus a bhain tuisle as ó am go chéile, beag beann ar scríob agus ar phian, beag beann ar bhualadh mire a chroí, gan uaidh ach breith ar Thorc Bán na Coille. Siúd leis ar cosa in airde gan stad gan staonadh, a athair agus an Rí sna sála air.



Lean siad an torc thar chnoc is sliabh, trí shruthán is abhainn, thar charraig is chloch. Chuardaigh siad thall agus abhus, thoir agus thiar. Ar deireadh, áfach, chaill siad a lorg.



Bhí díomá an domhain ar Chormac. Lig sé a dhroim go dearóil le crann agus dhún sé a shúile. Bhí mearbhall ina cheann agus gearranáil air.

Nuair a d'oscail sé a shúile arís thug sé faoi deara go raibh béal cúng pluaise in éadan na haille os a chomhair amach. Bhí an phluais leathchlúdaithe le féar agus ba ar éigean a bhí sí le feiceáil faoi na sceacha. Anonn le Cormac gur sháigh sé a thorcshleá isteach ann. Bhí sé sách domhain istigh le go bhféadfadh ainmhí dul i bhfolach inti. Isteach i mbéal na pluaise le Cormac agus thosaigh sé ag siúl tríd an láib. Chuala sé a athair ag glaoch air ach níor theastaigh uaidh casadh siar. Níos faide isteach leathnaigh an phluais amach. Ba bheag a bhí le feiceáil aige sa chlapsholas. Chuir sé cluas ghéar



air féin. Ní raibh le cloisteáil ach an ghaoth sna sceacha taobh amuigh agus braon anuas áit éigin sa phluais.

Go tobann thuig Cormac nach raibh sé ina aonair. Chuala sé trup. Ansin chuala sé trup eile. Gnúsacht toirc!

Ach cén treo as ar tháinig sí? Chuir macalla na pluaise mearbhall air. D'fháisc sé ar a thorcshleá agus thóg sé coiscéim chúramach chun tosaigh. Bhí rud éigin ag streachailt sa láib i mbéal na pluaise taobh thiar de. D'iompaigh Cormac timpeall. D'aithin sé an Rí a bhí ag déanamh air de ruathar. Leath súile Chormaic le huafás. Bhí a thorcshleá in airde ag an Rí, é réidh le caitheamh aige. An raibh sé le Cormac a ionsaí? Lig an Rí sruth mionnaí móra as agus thug sé léim chun tosaigh. Scread Cormac le huafás agus dhún sé a shúile. Bhí sé



cinnte dearfa go raibh a phort seinnte. Chuala sé a athair ag béicíl díreach sular mhothaigh sé an buille trom. Thit sé siar, siar, sa dorchadas …

Mhúscail Cormac de gheit. Bhí sé i mbaclainn a athar. Bhí lóchrann ina ghlac ag Diarmaid Dubh.

'Ní baol duit, a mhaicín,' a dúirt sé, agus na deora leis.

'An Rí, bhí sé chun …,' arsa Cormac agus é ag teacht chuige féin.

'Is ea, tuigim. Tá a fhios agam, a Chormaic,' a d'fhreagair Diarmaid go dobrónach. 'Laoch a bhí ann. Sárlaoch.'

Níor thuig Cormac céard a bhí i gceist ag a athair. D'fhéach Diarmaid Dubh i dtreo chúl na pluaise. Faoi sholas an lóchrainn chonaic Cormac an Rí sínte ar shlat a dhroma. Bhí a dhá shúil ar oscailt ach ní raibh

gíog ná míog as. Ba léir do Chormac láithreach go raibh an Rí maol marbh, fiú sula bhfaca sé an chréacht agus an fhuil ar an talamh. Mhínigh a athair do Chormac gur lean sé féin agus an Rí lorg an toirc go béal na pluaise. Dúirt sé go raibh sé féin ar tí dul isteach sa phluais ach gur bhrúigh an Rí as an mbealach é. Ansin chuala sé an Rí agus Cormac ag screadach. Díreach ina dhiaidh sin chonaic sé an Torc Bán ag sciorradh de rúid amach as an bpluais agus isteach sna sceacha. Is ansin, agus é ag éisteacht le scéal Dhiarmada Dhuibh, a thuig Cormac céard a tharla. Thuig sé gur bhrúigh an Rí as an mbealach é chun é a shábháil ón torc, agus cé gur tháinig Cormac slán gur chuir an torc starrfhiacail ghéar i gcorp an Rí. Bhí Cormac trína chéile. Mhothaigh

sé gurbh é féin a bhí ciontach le bás an Rí. Chuir sé a lámha timpeall mhuineál a athar agus lig sé racht caointe as.

# 6 Dobrón

Ní gan dua a tharraing Diarmaid Dubh corp an Rí aníos as an bpluais. Ansin rinne sé féin agus Cormac sínteán as craobhacha fuinseoige agus sailí. Chuir Diarmaid an Rí ina luí ar an sínteán agus leag Cormac airm agus clóca an Rí go hómósach anuas ar an gcorp. Turas fada dian a bheadh amach rompu.

Cé go raibh Diarmaid Dubh agus Cormac scafánta láidir ní gan dua a d'iompar siad corp an Rí thar charraig is chloch, trí shrutháin is driseoga, suas cnoc agus le fána. Bhí siad ag tarraingt ar an mbaile nuair a chonaic siad an Draoi ag teacht ina dtreo.

‘Mharaigh an Torc Bán é,’ arsa an Draoi nuair a tháinig siad chomh fada leis.

Ní raibh Cormac cinnte an ceist nó ráiteas a bhí ansin. Shiúil an Draoi leis gan focal eile as, Cormac agus Diarmaid Dubh á leanúint i dtreo an bhaile.

Chomh luath agus a chonaic mná an bhaile iad thosaigh an caoineadh agus an t-olagón. Lig bean an Rí scread aisti a bhain macalla as na cnoic agus chaoin sí go géar is go cráite. Tháinig a páistí chuici agus a ndeora ag rith go tréan is go tiubh.

Chruinnigh fir an bhaile thart timpeall agus bhreathnaigh siad go sollúnta ar chorp an Rí. Bhí fonn ar chuid acu filleadh ar an gcoill láithreach chun díoltas a bhaint amach agus an Torc Bán a mharú.



Ach chuir an Draoi deireadh leis an bplean sin.

'Cén sórt cainte í seo?' a dúirt sé go feargach. 'Ba dhona an mhaise dúinn corp an Rí a fhágáil gan chuideachta. Beidh go leor ama agaibh dul ar thóir an Toirc Bháin nuair a bheidh an Rí ina luí faoi shuaimhneas lena shinsir i nDumha na Sinsear ar bharr an chnoic. Anois, déanaigí réidh don tsochraid,' a d'ordaigh an Draoi go borb agus thug sé aghaidh ar a theach féin.

Níor fhan focal ag na fir. Thuig siad go raibh an ceart ar fad ag an Draoi.

Tosaíodh ag ullmhú láithreach i gcomhair na sochraide. Nuair a bhí siad réidh d'ardaigh seisear fear corp an Rí ar a nguaillí. Leis sin chuala Cormac fead ghéar adhairce, fead a bhain geit as a raibh i láthair. Chonaic

sé an Draoi ag teacht go mall maorga ina dtreo. Bhí clóca fada bán air agus banda órga ar a cheann. Bhí mála beag úrleathair ceangailte dá chrios. Shiúil an Draoi go dtí corp an Rí. Chaith sé glac luibheanna air. Thiontaigh sé ansin agus chuir sé tús le mórshiúl na sochraide. Ag ceann na sochraide in éineacht leis an Draoi bhí beirt fhreastalaithe. Bhí adharc challaireachta ag duine amháin agus bhí an duine eile ag bualadh druma. Lean muintir an bhaile iad, lóchrann ina lámh ag gach duine acu, agus iad ar chomhchéim le buille an druma. Shiúil siad leo i dtreo na habhann. Chaithfidís an t-áth a thrasnú agus a n-aghaidh a thabhairt ar Dhumha na Sinsear ar bharr an chnoic.

Shroich siad Dumha na Sinsear le titim na hoíche. Bhí searbhóntaí an

Rí ann rompu agus carn de chipíní agus de bhrosna réitithe acu. Leagadh corp an Rí ar an gcarn. Chuir bean agus clann an Rí na rudaí ab ansa leis in aice lena chorp – an tua a rinne sé féin agus a bhíodh ar iompar aige agus é ag fiach, an clóca a rinneadh as seithe mic tíre agus an mhuince óir a chaitheadh sé timpeall a mhuiníl. In éineacht leis sin ar fad bhí babhla lán bia agus cupán lán dí.

Bhí muintir an bhaile ina seasamh thart. Bhí an Draoi i lár báire. D'ardaigh sé a lámh. Séideadh an adharc. Tosaíodh ag bualadh an druma arís. Thosaigh na daoine ag bualadh bos in éineacht leis an druma, mar a bheadh cuisle croí ann. Ansin tháinig bean an Rí chun tosaigh. Chaith sí a lóchrann ar an gcarn adhmaid. Rinne Diarmaid Dubh,

Cormac agus an mhuintir go léir an rud céanna. Níorbh fhada go raibh lasracha buí ag léim san aer. Chuir an Draoi lámh isteach ina mhála agus thóg sé amach glac duilleog. Chaith sé sa tine iad. D'ardaigh boladh cumhra agus toit bhán as an tine agus léim bladhairí gorma san aer. D'éirigh na lasracha níos airde de réir a chéile.

Oíche fhada fhuar a bhí ann. Lean bualadh an druma agus an bualadh bos go ceann i bhfad. Ach de réir mar a bhí na lasracha ag fáil bháis thit ciúnas ar an slua. Le breacadh an lae bhí aghaidheanna na ndaoine liath le tuirse agus le brón. Agus ní raibh fágtha den tine ach carn liath luatha agus píosaí cnámh.

Bhailigh an Draoi an luaith agus na píosaí cnámh le chéile go cúramach agus chuir sé isteach i mias cloiche iad.



Nuair a bhí an méid sin déanta aige sheas sé. Séideadh an adharc arís. Shiúil an Draoi go sollúnta isteach i nDumha na Sinsear, an mhias ar iompar aige agus an slua á leanúint, duine ar dhuine. Chruinnigh siad ag barr an phasáiste chúng faoin díon cloiche.

Leag an Draoi an mhias go cúramach ar leac chloiche. Thiontaigh sé agus d'ardaigh sé a lámha. Bhain séideadh na hadhairce macalla as na ballaí mar a dhéanfadh búiríl tairbh. Nuair a thit ciúnas arís shiúil an Draoi i dtreo bhéal an phasáiste gan focal as. Sheas na daoine siar agus lig siad dó dul tharstu. Lean siad síos an pasáiste é. Amach sa cheobhrán liath leo agus síos le fána, trasna na habhann ag an áth agus ar ais go dtí an baile beag.

# 7 Cruatan

Bhí cruinniú ag an treibh an lá dár gcionn chun rí nua a thoghadh. Lean an cur agus an cúiteamh agus an plé go ceann i bhfad. Faoi dheireadh ghlac siad le moladh an Draoi: bheadh an té a n-éireodh leis Torc Bán na Coille a mharú ina rí ar an treibh. Aon fhear a raibh spéis aige a bheith ina rí, rug sé ar a thorcshleá agus thug sé aghaidh ar an gcoill. D'fhan an chuid eile de mhuintir an bhaile go foighneach i bhfochair an Draoi. Bhí súil acu go mbeadh rí nuathofa acu faoi dheireadh an lae. Ach níorbh amhlaidh a tharla, faraor géar. Ní raibh tásc ná tuairisc ar an torc agus

d'fhill na fir abhaile go díomách, duine ar dhuine, le titim na hoíche. An scéal céanna a bhí ann an lá dár gcionn agus gach lá ina dhiaidh sin.

Uaidh sin amach ní raibh i ndán do mhuintir an bhaile ach an mí-ádh agus an donas. An fómhar sin tháinig na stoirmeacha ba mheasa dá raibh ann le cuimhne na ndaoine. Le linn do Dhiarmaid Dubh a bheith ar thóir an Toirc Bháin briseadh a lámh, rud a d'fhág nach gcaithfeadh sé ga ná sleá go deireadh an gheimhridh. Ba mhór an tubaiste é sin do mhuintir an bhaile, óir ba é Diarmaid Dubh an sealgaire ab fhearr a bhí acu. Ansin oíche amháin i dtús an gheimhridh rinne béar ocrach slad ar stóras bia an bhaile. Bhí cnuasach bia na bliana – cnónna, úlla agus meacain fhiáine – i dtaisce i bpotaí faoin talamh. Rud ar

bith nár ith an béar, mhill sé. Nuair a chonaic mná an bhaile an scrios a bhí déanta thosaigh siad ag liúireach agus ag olagón go cráite.

Ba ghearr go raibh gorta ag bagairt ar an mbaile. Ní raibh le hithe acu ach an corrainmhí beag a mharaíodh na fir agus iad ag fiach.

Nuair a tháinig sneachta an gheimhridh tháinig na mic tíre, iad ag teacht níos giorra don bhaile in aghaidh an lae, ag faire go hocrach. Bhídís ag bagairt ar a chéile, a gcuid fiacla nochta, a n-uallfairt ag réabadh an aeir.

Bhí muintir an bhaile cráite acu. Ní chodlaíodh siad néal san oíche ná ní ligidís scíth sa lá. Diaidh ar ndiaidh bhí gach duine ag éirí traochta cantalach ciotrúnta. Thosaigh siad ag gearán agus ag achrann eatarthu



féin. Dúirt an Draoi leo a bheith foighneach agus gan a misneach a chailleadh. Chuir sé ina luí orthu go dtiocfadh faoiseamh i gceartlár an gheimhridh nuair a shoilseodh Solas an tSéin ar thaisí na sinsear a bhí ina luí i nDumha na Sinsear.

# 8 Dumha na Sinsear

Ba bheag fonn cainte a bhí ar mhuintir an bhaile agus iad ag siúl go mall go dtí barr an chnoic. Nuair a shroich siad an barr b'shiúd os a gcomhair Dumha na Sinsear, na clocha bána ag lonrú faoi sholas diamhair na gealaí. Ba ansin a bhuail cineál faitís Cormac. Thabharfadh sé a dhá shúil ar éalú. Ach thuig sé nach raibh an rogha sin aige.

Lean an slua an Draoi, duine ar dhuine, isteach sa phasáiste cúng íseal. Murach lóchrann an Draoi bheadh sé chomh dubh le pic istigh ann. Lean Cormac a athair isteach, a lámha ar na ballaí. De réir a chéile d'éirigh



an pasáiste níos leithne agus ansin chonaic Cormac an uaimh bheag os a chomhair amach. Nuair a bhí gach duine tagtha bhí idir óg is aosta plódaithe isteach inti.

Sheas Cormac sa dorchadas, é ag faire an phasáiste in éineacht le gach duine eile. Is ar éigean a bhí anáil á tharraingt ag aon duine leis an dóchas agus leis an teannas. Go tobann lig duine éigin sraoth as agus bhain an macalla geit as an gcuid eile. Ina ainneoin sin níor bhain siad a súil den phasáiste ach iad ag fanacht go foighneach.

Cé go raibh sé tuirseach traochta agus préachta leis an bhfuacht ní dhearna Cormac aon ghearán, ach a chlóca fionnaidh a fháisceadh ar a ghuaillí agus tarraingt níos giorra dá athair.

Mhothaigh sé an teannas ag méadú

mórthimpeall air. Sheas sé ar a bharraicíní chun radharc níos fearr a fháil ar an bpasáiste. Ar dtús ní fhaca sé rud ar bith. Ach ansin baineadh an anáil de. Thug sé faoi deara go raibh ga lag solais ag síneadh isteach sa phasáiste. Solas an tSéin!

Bhí an ga solais ag méadú anois agus ag teacht níos faide isteach. Sheas gach duine siar ón solas órga le ligean dó taisí na sinsear a shroicheadh.

Bhí Cormac in ann aghaidheanna na ndaoine a dhéanamh amach anois, iad go léir ag stánadh ar an nga lag solais a bhí ag gluaiseacht ar luas seilide trasna an urláir i dtreo a cheann scríbe – taisí na sinsear a bhí ina luí san uaimh ag fanacht le teas agus le fuinneamh na gréine, ag fanacht le deireadh an dorchadais.

Ach ansin, go tobann, d'imigh an

solas. Bhí mearbhall ar na daoine. Bhí an solas diamhair imithe agus bhí siad fágtha sa dorchadas arís. Cén fáth ar imigh sé? Cá ndeachaigh sé? Céard a dhéanfaidís anois? D'fhan siad go foighneach, ag stánadh go dóchasach i dtreo bhéal an phasáiste ach níor tháinig an solas ar ais. Tar éis tamaill thosaigh siad ag siúl go ciúin amach as an Dumha. Síos an cnoc leo go mall brónach go dtí an baile beag ar bhruach na habhann.

# 9 'Go dté tú slán'

Dhúisigh Cormac de phreab. An ag brionglóideach a bhí sé? Bhí an Draoi ina sheasamh in aice leis. Bhreathnaigh an Draoi i dtreo an dorais agus amach leis gan focal a rá. Thuig Cormac go raibh sé le é a leanúint. D'éirigh Cormac de léim. Réitigh sé é féin go ciúin ar fhaitíos go ndúiseodh sé a athair. Chaith sé clóca timpeall a ghuaillí agus chuir sé bróga úrleathair ar a chosa. Rug sé ar a thorcshleá agus thug sé leis píosa den bhuilín aráin a bhí fágtha ar an gcloch in aice na tine. Sháigh sé a cheann amach. Bhí brat sneachta ag clúdach na talún agus na dtithe. D'fháisc Cormac an clóca



go teann ina thimpeall agus ghread sé a chosa chun iad a théamh. Cé go raibh an ghrian ina suí bhí muintir an bhaile fós ina gcodladh tar éis imeachtaí na hoíche agus na maidine. Ar aghaidh le Cormac go dtí teach an Draoi.

Nuair a shiúil Cormac isteach i dteach an Draoi bhí sé siúd ag siúl go mífhoighneach suas síos an t-urlár. Chas sé timpeall agus stán sé idir an dá shúil ar Chormac.

'Caithfidh tú an Torc Bán a mharú inniu,' a dúirt sé leis go lom díreach. 'Má theipeann ort is é an bás atá i ndán duitse agus dár muintir. Tá mí-ádh orainn ó cailleadh an Rí. Is olc an tuar é gur chlis ar Sholas an tSéin ar maidin. Caithfear an Torc Bán a mharú le go soilseoidh Solas an tSéin ar thaisí ár sinsear maidin

amárach. Mura soilseoidh beidh bliain fhada ocrach amach romhainn. Is beag againn a fheicfidh Solas an tSéin i nDumha na Sinsear an bhliain seo chugainn. Caithfidh tú Torc Bán na Coille a mharú agus a chumhacht a bhuachan dúinn ar fad. Tusa a roghnaíodh. Duitse a taispeánadh an torc, a Chormaic Fhinn Dhiarmada Dhuibh.'

Bhí alltacht ar Chormac.

'Má theip ar an Rí cén seans a bheadh agamsa? Níl ionamsa ach buachaill,' a dúirt sé.

'Tuigim do bhuairt, a Chormaic. Ach níl an dara rogha ann. Tusa a roghnaíodh agus tusa a chaithfidh an gníomh a dhéanamh. Bhí an bás i ndán don Rí. Chonaic mé scáth an bháis ina shúile sular fhág sé an teach seo an lá a maraíodh é. Ach creidim

go bhfuil saol fada folláin amach romhatsa agus go n-éireoidh leat an t-éacht seo a dhéanamh inniu. Níl aon amhras orm.'

'Tá súil agam go bhfuil an ceart agat,' arsa Cormac go hamhrasach.

Shín an Draoi mála chuig Cormac.

'Tá luibheanna cumhachtacha sa mhála seo. Méadóidh siad do mhisneach agus do neart. Ach ná tóg iad go dtí go mbeidh géarghá agat leo. Ní mhaireann a gcumhacht i bhfad.'


Ansin sháigh sé a lámh faoina chlóca agus tharraing sé amach scian, scian nach raibh a leithéid feicthe ag Cormac riamh cheana. Bhí lann de mhiotal aisteach geal lonrach uirthi.

'Thug Draoi Mór an Deiscirt í seo dom,' arsa an Draoi. 'Seo Scian an Mhiotail Ghil. Ó thír i bhfad i gcéin a tháinig sí. Is scian an-chumhachtach

í. Cabhróidh sí go mór leis an té a bhíonn calma agus cróga.'

Ní raibh focal as Cormac.

'Imigh leat anois, a Chormaic Dhiarmada Dhuibh,' arsa an Draoi. 'Níl mórán ama fágtha againn. Bí ar ais anseo roimh éirí na gréine agus an Torc Bán maraithe agat. Go dté tú slán.'



# 10 As go brách

As go brách le Cormac. Nuair a bhain sé an choill amach rinne sé caol díreach ar an áit a bhfaca sé an Torc Bán an chéad lá riamh. Bhreathnaigh sé thart. Ní raibh tásc ná tuairisc ar an torc. Ach ní raibh iontas ar bith ar Chormac. Ní raibh an torc feicthe ag aon duine ón lá a mharaigh sé an Rí, cé go raibh fir an bhaile á thóraíocht ó shin. Shuigh sé síos, a dhroim le crann beithe, agus thosaigh sé ag machnamh.

Níorbh fhios do Chormac cá fhad a bhí sé ina shuí ansin. Shéid an ghaoth trí ghéaga na gcrann. D'fhéach sé suas. An ag brionglóideach a

bhí sé? Arbh é sin an Torc Bán ina steillbheatha amach roimhe, ag cartadh na cré? D'fhan Cormac gan cor as, ag stánadh ar an torc. Bhí sé cinnte go gcluinfeadh an torc é dá gcorródh sé. Rug sé ar a thorcshleá. Ach bhí an torc rófhada uaidh chun torcshleá a chaitheamh leis. Ní raibh an dara rogha aige. Chaithfeadh sé dul níos giorra don torc. D'éirigh sé ina sheasamh. Ghluais sé ar aghaidh go mall cúramach. Gaoth aduaidh a bhí ann, ag teacht i dtreo Chormaic. Dá mbeadh gaoth aneas ann is cinnte go bhfaigheadh an torc a bholadh. Lean Cormac air, súil ghéar á choinneáil ar an torc aige i rith an ama. Ach bhí an t-ainmhí chomh gnóthach sin ag tochailt nár chuala sé é.

Shroich sé crann mór beithe nach raibh i bhfad ón torc. D'fhan sé taobh

thiar den chrann ar feadh nóiméid. Dhírigh sé an torcshleá ar an torc agus réitigh sé é féin don ionsaí mar a thaispeáin a athair dó go minic. Ansin sheas sé amach ó scáth an chrainn agus d'ardaigh sé an torcshleá chomh fada lena cheann. D'fháisc sé crann na torcshleá agus é ar tí í a chaitheamh. Go tobann réab colúr as géaga an chrainn os a chionn. Gheit an torc. Bholaigh sé an t-aer go fiosrach. D'fhéach sé sa treo as ar tháinig an torann.

Chaith Cormac an torcshleá leis an torc le neart agus fuinneamh a chroí. Ach bhí sé ródhéanach. Níor bhuail an tsleá ach scáil an toirc agus é ag scinneadh isteach sna sceacha. B'shiúd leis trí na crainn mar a bheadh splanc thintrí ann.


Tharraing Cormac a shleá as an talamh go tapa agus rith sé leis. Lean



sé eireaball an toirc tríd an gcoill ar cosa in airde. Rith Cormac ar a sheacht míle dícheall, gearranáil air, an t-allas ag sileadh de, pianta ina chosa agus ina chliabh, a chroí ag impí air stopadh. Ach in ainneoin a chuid iarrachtaí bhí an bhearna idir é féin agus an torc ag méadú de réir a chéile. Ach níor stop Cormac. Lean sé air ag rith chomh sciobtha agus a d'fhéad sé go dtí gur shroich siad an abhainn.

Bhí Cormac ag súil go stopfadh an Torc Bán ag an abhainn ach níor mhoilligh sé fiú. B'amhlaidh a léim sé caol díreach isteach san uisce fuar agus a shnámh sé trasna na habhann gan stad gan staonadh. Bhí an t-uisce domhain anseo. Ach ní raibh an t-am ag Cormac rith chomh fada leis an áth. Chaillfeadh sé lorg an toirc. Ní

raibh an dara rogha aige ach an torc a leanúint isteach san abhainn dhubh. D'aon léim amháin bhí sé istigh. Bhain fuacht an uisce an anáil de, ach lean sé air, ag snámh go dícheallach ar thóir an toirc.



Nuair a shroich sé an taobh eile rug Cormac ar sceach agus tharraing sé é féin amach. D'fhéach sé thart air agus gach súil aige go mbeadh an torc á chroitheadh féin ar bhruach na habhann. Ach, faraor géar, ní raibh sé le feiceáil in aon áit. Thit an lug ar an lag ar Chormac. Saothar in aisce a bhí san iarracht ar fad a bhí déanta aige breith ar an Torc Bán. Agus é chomh cóngarach dó!

Thóg sé Scian an Mhiotail Ghil amach. D'amharc sé uirthi go dólásach. Ba bheag an mhaith an scian anois dó. Bhí Torc Bán na Coille imithe uaidh i ndorchadas na hoíche. Ba bheag an seans go n-éireodh le Cormac. Bhí dóchas caillte aige.

# 11 An Cluiche Caillte?

Bhí Cormac faoi bhrón agus é ag siúl i dtreo an átha chun dul ar ais trasna na habhann abhaile. Bhí sé dorcha faoin am seo, ach bhí clocha bána Dhumha na Sinsear le feiceáil go fóill ar bharr an chnoic. Ach ansin, chonaic sé cruth bán ag scinneadh i dtreo bhéal an Dumha. B'fhéidir nach raibh an cluiche caillte go fóill aige! Ach bhí sé tugtha traochta agus i ndeireadh na preibe. Ní raibh brí, neart ná spreacadh fanta ina cholainn chun go bhféadfadh sé leanúint leis an tóraíocht.

Ach ansin, go tobann, chuimhnigh sé ar an mála beag a thug an Draoi dó

an mhaidin sin. D'oscail sé go gasta é agus chuir sé cúpla duilleog ina bhéal. Mhothaigh sé an neart agus an misneach láithreach. Ní dhearna sé moill ar bith ach imeacht leis ar cosa in airde i dtreo an chnoic. Stad ná staonadh ní dhearna sé gur shroich sé béal Dhumha na Sinsear.

Bhreathnaigh sé timpeall, ach ní raibh an torc le feiceáil thall ná abhus. Thug sé faoi deara go raibh an leac mhór ag béal an Dumha ar leataobh mar a fágadh í ar maidin. Isteach le Cormac. Bhí sé dubh dorcha sa phasáiste agus b'éigean dó a lámh a chur ar an mballa díreach mar a rinne sé an oíche roimhe sin. Ghluais sé ar aghaidh go mall cúramach. Stop sé agus chuir sé cluas air féin. Ach ní raibh le cloisteáil ach a chroí ag bualadh go tréan ina chliabh.



Shroich sé an áit inar leathnaigh an pasáiste ina uaimh bheag, an áit a raibh taisí na sinsear ina luí. Tháinig fuarallas le Cormac. Mhothaigh sé nach raibh sé ina aonar. Bhí taisí a shinsear timpeall air. Ach an raibh rud éigin eile ann chomh maith? Ansin, chuala sé mar a bheadh séideog anála ann. Arbh é an torc a bhí ann, nó rud éigin eile …?

Ansin chuala sé gnúsacht toirc. Sháigh sé an tsleá amach roimhe. Ach mar gheall ar mhacalla na huaimhe bhí sé an-deacair dó a dhéanamh amach cá háit go díreach a raibh an t-ainmhí.

Nuair a mhothaigh sé an torc ag teacht ina threo de ruathar chuir sé a shleá amach roimhe arís. Sháigh sé an tsleá i gcorp an toirc.

Ach briseadh crann na torcshleá le cumhacht an bhuille. Thapaigh an torc

an deis. Bhraith Cormac starrfhiacail ghéar ag réabadh trí mhatán a cholpa. Chúlaigh an torc isteach i gcúinne amháin. Chúlaigh Cormac isteach i gcúinne eile, iad araon ag geonaíl go léanmhar cráite leis an bpian.

Bhí Cormac i gcruachás ceart anois. Bhí sé sáinnithe in uaimh chúng dhorcha le hainmhí allta a raibh fonn díoltais air. Bhí torcshleá Chormaic briste agus ní raibh aige ach Scian an Mhiotail Ghil a thug an Draoi dó ar maidin.

Bhí Cormac ina shuí go fóill sa chúinne nuair a chuala sé an torc ag teacht de ruathar ina threo arís. Mhothaigh Cormac starrfhiacail an toirc ag gearradh a ghualainn chlé. Le tréaniarracht amháin d'ardaigh sé an scian ina lámh dheas. Sháigh sé isteach go domhain i bputóga an toirc í.

Leis sin thit sé siar gan mhothú. Sheas an torc os cionn Chormaic chun an t-ionsaí deireanach a dhéanamh. Ach lig sé uaill uafáis as agus thit sé go trom taobh le Cormac ar urlár crua na huaimhe.



# 12 Gaisce

Bhí muintir an bhaile in ísle brí agus iad ag siúl lena lóchrainn suas an cnoc an dara maidin. Bhí an ghealach i bhfolach taobh thiar de bhrat tiubh scamall. Níor shoilsigh Solas an tSéin ar thaisí na sinsear an mhaidin roimhe agus bhí imní orthu nach dtarlódh sé an mhaidin seo ach oiread. Gan é ní bheadh i ndán dóibh ach cruatan agus anró. Agus, anuas air sin, ní raibh Cormac Dhiarmada Dhuibh feicthe ag aon duine ó d'fhág sé an baile an mhaidin roimhe sin. Bhí an Draoi chun tosaigh agus Diarmaid Dubh, an sealgaire ba shine, ag siúl taobh leis.

Nuair a bhain siad Dumha na Sinsear amach d'ordaigh an Draoi dóibh fanacht taobh amuigh go mbeadh gach rud réitithe aige féin do shearmanas Sholas an tSéin. Isteach leis an Draoi sa Dumha agus Diarmaid ag iompar lóchrainn dó.

Baineadh stad astu nuair a chonaic siad an radharc a bhí rompu. Faoi sholas an lóchrainn bhí Torc Bán na Coille sínte, amhail is go raibh sé ina chodladh.

'Amach linn go beo!' arsa Diarmaid de chogar, a shúile ina seasamh ina cheann. Ó tharla nach raibh arm ar bith leis theastaigh uaidh na cosa a thabhairt leis as an áit.

'Fan ort!' arsa an Draoi. Shiúil sé siúd anonn go dtí an torc agus síos leis ar leathghlúin. Ansin thiontaigh sé thart agus dath an bháis ar a aghaidh.



D'amharc sé ar Dhiarmaid.

Nuair a chonaic Diarmaid Dubh a mhac, sínte gan gíog ná míog as ar leac fhuar na huaimhe, lig sé búir mhillteanach léanmhar as a mhúsclódh na mairbh. Thit an lóchrann as a lámh. Nuair a chuala an mhuintir amuigh an scread rith siad isteach i mullach a chéile. Le solas na lóchrann chonaic siad Diarmaid Dubh ar a ghlúine agus é ag olagón go cráite, na deora go fras leis. Bhí an Torc Bán sínte chomh marbh le hart. Ach, taobh leis, bhí Cormac Dhiarmada Dhuibh sínte gan aithne gan urlabhra agus an fhuil ag sileadh as. Rith cuid acu i dtreo Dhiarmada, rug siad air agus d'fháisc chucu é. Tharraing cuid eile acu an torc as an mbealach. Thug siad faoi deara go raibh Scian an Mhiotail Ghil fós sáite i mbolg an toirc

agus go raibh drochghearradh i gcolpa Chormaic agus fuil ag sileadh as.

Chuir an Draoi a chluas le hucht Chormaic ach leis an gclampar san uaimh ní raibh sé in ann tada a chloisteáil. D'iarr sé ciúnas agus d'éist sé arís. Ansin chuir sé lámh ar ghualainn Dhiarmada Dhuibh.

'Ná caill do mhisneach,' arsa an Draoi.

Bhreathnaigh Diarmaid síos ar aghaidh bhán a mhic agus chuimil sé a ghruaig go ceanúil. Thóg an Draoi caonach glas as a mhála. Chlúdaigh sé créachta Chormaic go cúramach leis an gcaonach agus rinne sé bindealán as a chlóca féin. Thosaigh sé ag baint gach cliotar cleatair as a mhuince agus ag cantaireacht os íseal.

Bhí an pasáiste lomlán le daoine faoin am seo, gan cor as duine ar bith,



iad go léir ag faire go hurramach ar shearmanas an Draoi. Bhí Diarmaid Dubh beag beann ar gach rud timpeall air ach é ag faire agus ag fanacht le comhartha éigin go raibh a mhac beo.

Faoi dheireadh shíl Diarmaid Dubh go bhfaca sé méar Chormaic ag corraí. Ansin chuala sé casacht bheag. D'ardaigh croí Dhiarmada. Go mall éiginnte d'oscail Cormac a shúile. D'fháisc Diarmaid Dubh lámh a mhic agus chaoin sé deora móra áthais. Shín an Draoi a lámha in airde agus lig sé féin agus an slua liú áthais astu.

Nuair a bhí Cormac tagtha chuige féin rinne sé cur síos ar ar tharla an oíche roimhe. Nuair a bhí deireadh ráite aige labhair an Draoi:

'Tá gaisce déanta agat, a Chormaic Dhiarmada Dhuibh. Chloígh tú Torc Bán na Coille. Is leatsa anois

cumhacht an Toirc. Na starrfhiacla. Na starrfhiacla! Caithfimid na starrfhiacla a bhronnadh ort!'

Ansin labhair sé leis an slua:

'Is leis-sean anois cumhacht an Toirc Bháin!'

Anonn le Diarmaid go dtí an torc. Bhain sé Scian an Mhiotail Ghil as bolg an ainmhí. Thóg sé cloch agus bhuail sé draid an toirc gur bhain sé na starrfhiacla as a bhéal. Ansin shín sé an dá starrfhiacail agus an scian chuig an Draoi.

Sheas an Draoi agus thug sé aghaidh ar an slua.

'Is iontach an lá seo dúinn go léir. Beidh cumhacht agus neart againn. Beidh sonas agus séan orainn.'

Thiontaigh sé i dtreo Chormaic ansin.

'Tá Torc Bán na Coille maraithe agat, a Chormaic Fhinn Dhiarmada

Dhuibh. Bronnaim ort starrfhiacla an Toirc Bháin agus fógraím gur tusa Rí ár muintire anois.'

Bhain liú gliondair an tslua macalla as ballaí cloiche Dhumha na Sinsear. Gháir siad ainm Chormaic agus ainmneacha a shinsear. Ansin shiúil siad amach as an Dumha agus Cormac á iompar go buacach acu. Níor thug duine ar bith acu faoi deara go raibh Solas an tSéin ag soilsiú go tréan anois ar thaisí na sinsear istigh san uaimh. Duine ar bith. Seachas an Draoi.





As dorchadas na coille a tháinig sé,
gan torann gan deifir gan eagla. Ní raibh
a fhios ag Cormac cé acu neach saolta nó
neamhshaolta a bhí ag siúl i gceo na maidine.
Ansin chonaic sé na starrfhiacla géara agus
chuala sé an ghnúsacht gharbh …

An Gúm

ISBN 978-1-85791-729-1

9 781857 917291